

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Cigireacht na Luathbhlianta

**Treoir Bheartais maidir le hEarcaíocht i
Seirbhísí Réamhscoile**

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Clár Ábhair

1.0	Cuspóir	3
2.0	Bunriachtanais bheartais.....	3
	Ceanglas 1	4
	Ceanglas 2	5
	Ceanglas 3	6
3.0	Dea-Chleachtas maidir le Beartas Earcaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme	6
4.0	Aguisín	8
	4.1 Faisnéis Tacaíochta.....	8

1.0 Cuspóir

Is é cuspóir na cáipéise seo na riachtanais rialála don bheartas maidir le hEarcaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí réamhscoile, mar a leagtar amach san [Acht um Chúram Leanaí \(1991\) sna Rialacháin Seirbhísí Luathbhlianta \(2016\)](#). Soláthraítear leis an gcáipéis seo na croí-riachtanais rialála, chomh maith le leideanna agus breithnithe a thacóidh le soláthraithe cláraithe chun a chinntiú go bhforbraítear a mbeartas agus a nósanna imeachta go hiomlán agus go léirítear iad sna cleachtais ina seirbhís.

Ba cheart an fhaisnéis sa cháipéis seo a chur i bhfeidhm ar an mbeartas sonrach lena chlúdaítear Earcaíocht, agus ar nósanna imeachta tionlacain na seirbhíse réamhscoile. Ba chóir an cháipéis seo a léamh i gcomhar leis an Treoir [Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Luathbhlianta](#) agus an [Creat Cáilíochta agus Rialála](#), [Fógraí Rialála](#) Tusla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. D'fhéadfadh an Treoir atá ag [Tusla maidir le](#) Riachtanais Ghrinnfhiosrúcháin do Mhic Léinn a bheith infheidhme maidir leis an mbeartas seo freisin má chuirtear mic léinn sa tseirbhís.

Moltar freisin dul i ngleic leis an treoir maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige ón [gClár Náisiúnta um Chumhdach Leanaí](#) agus ó [Tusla](#) mar chuid d'fhorbairt an bheartais seo.

Le haghaidh tagartha amháin atá an cháipéis seo. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an treoir a chuirtear ar fáil cuimsitheach nó go dtugtar léi freagra cinntitheach i ngach cás.

Tá tuilleadh acmhainní ar fáil in [Aquisín 1](#).

Ceanglais Rialála an Bheartais seo

An tAcht um Chúram Leanaí (1991) Rialacháin maidir le Seirbhísí Luathbhlianta (2016), Sceideal 5.1 (q)

Ciallaíonn beartas earcaíochta, maidir le seirbhís réamhscoile, beartas ina sonraítear an nós imeachta atá le leanúint ag an soláthraí cláraithe agus fostaithe agus oibrítthe gan phá á bhfostú aige, lena n-áirítear na bearta atá le déanamh chun teistiméireachtaí, cáilíochtaí agus cáipéisíocht ghrinnfhiosrúcháin a sheiceáil agus a fhíorú.

2.0 Bunriachtanais bheartais

Moltar Ráiteas Beartais don bheartas seo in éineacht leis na bunriachtanais mar a leagtar amach tuilleadh sa cháipéis seo. Ba chóir an ráiteas beartais a dheimhniú go bhfuil sé mar aidhm ag an tseirbhís a chinntiú go bhfuil an tseirbhís ag comhlíonadh a dualgais chúraim do leanaí trí phróisis earcaíochta agus roghnúcháin atá sábháilte agus láidir d'fhostaithe agus d'oibrítthe gan phá. Ba cheart an ráiteas beartais a dheimhniú freisin go ndéantar grinnfhiosrúchán ar [bhaill na mbord bainistíochta](#) (i gcás inarb ábhartha) i gcomhréir le ceanglais rialála agus reachtacha.

Ceanglas 1

Leagtar amach sa bheartas na nósanna imeachta agus na córais éifeachtacha atá le leanúint agus fostaithe agus oibrithe gan phá á bhfostú, lena n-áirítear sonraí faoi thréimhse phromhaidh an phoist agus riachtanais do mhic léinn.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Na nósanna imeachta earcaíochta atá le leanúint, agus fostaithe agus oibrithe gan phá á bhfostú, ag sonrú na nósanna imeachta do gach beart a bhaineann le próiseas earcaíochta lena n-áirítear:
- Sonraí maidir le forbairt ar shainchuntais phoist.
 - Sonraí an phróisis iarratais – mar shampla an modh iarratais.
 - Cur síos ar an bpróiseas agallaimh, agus riachtanais maidir le hagallaimh a dhéanamh.
 - Riachtanais cháilíochta a chinneadh do gach post.
 - Scileanna, eolas agus inniúlachtaí riachtanacha a chinneadh do gach post.
- (b) Na ceanglais maidir le tréimhsí promhaidh agus breithmheasanna foirne gaolmhara, ionduchtú agus meantóireacht.
- (c) Na riachtanais maidir le socrúcháin mac léinn a éascú (nuair a éascaítear iad).
- (d) Aon riachtanais shonracha a bhaineann le hearcaíocht chuig Boird Bhainistíochta/Stiúrthóirí.

Ceanglas 2

Leagtar amach sa bheartas riachtanais ghrinnfhiosrúcháin, déantar cur síos ar an gcaoi a ndéantar cáipéisí grinnfhiosrúcháin a bhailíochtú, agus leagtar amach nósanna imeachta chun nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhainistiú (lena n-áirítear grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána/póilíní, cruthúnas aitheantais, dhá theistiméireacht, cáilíochtaí, Curriculum Vitae)

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Na nósanna imeachta maidir le grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar fhostaithe nua-fhostaithe, ar oibrithe neamhíoctha agus ar mhic léinn.
- (b) Conas a dhéantar seiceáil ar cháipéisí grinnfhiosrúcháin lena chinntiú go bhfuil siad bailí, lena n-áirítear:
 - Teistiméireachtaí (dhá cheann)
 - Grinnfhiosrúchán agus ath-ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána,
 - Faisnéis Imreítigh Póilíní Idirnáisiúnta/thar lear (más gá).
 - Curriculum Vitae nó taifead scríofa de chineál eile (lena n-áirítear stair fostaíochta san am atá thart)
 - Deimhnithe cáilíochta
 - Seiceálacha a aithint agus deimhniú doiciméadach orthu sin.
- (c) Conas a fhreagróidh an tseirbhís d'aimhrialtacht, d'ábhar imní nó nochtadh dearfach mar thoradh ar ghrinnfhiosrúchán agus conas a shonraítear na próisis mheasúnaithe riosca atá le leanúint sa chás áirithe sin.
- (d) Go bhfuil cáipéisí an ghrinnfhiosrúcháin ar fáil i mBéarla/i nGaeilge agus sa chás go bhfuil gá le haistriúchán, is aistritheoir deimhnithe a thugann faoi sin.

Ceanglas 3

Leagtar amach sa bheartas conas a stórálfar na taifid a bhaineann leis an bpróiseas earcaíochta do gach duine aonair, agus cá fhad a choinneofar na taifid sin.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Bhain na sonraí maidir le taifid a choinneáil leis an bpróiseas earcaíochta, lena n-áirítear:
- doiciméid atá le coimeád i gcomhad ar nós Curriculum Vitae, foirmeacha iarratais, litreacha cumhdaigh,
 - taifid agus nótaí agallaimh,
 - doiciméadacht a bhaineann le hiarrthóirí nár éirigh leo i gcomhréir leis an [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#) (RGCS).
- (b) Na nósanna imeachta maidir le taifid agus comhaid phearsanra a chomhlíonann RGCS a chruthú agus a chothabháil do gach fostaí, oibrí gan phá, conraitheoir agus mac léinn, lena n-áirítear cóipeanna (nuair is cuí) nó bunchóipeanna de mhéid seo a leanas:
- Teistiméireachtaí (dhá cheann),
 - [Grinnfhiosrúchán agus ath-ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána](#),
 - Faisnéis Imréitigh Póilíní Idirnáisiúnta/thar lear (más gá),
 - Curriculum Vitae,
 - Deimhnithe cáilíochta,
 - Seiceálacha a aithint agus deimhniú doiciméadach orthu sin.
- (c) Lena bhféadfar cáipéisíocht earcaíochta a roinnt (e.g. duine údaraithe faoi na Rialacháin) agus na tréimhsí ama chun gach taifead a choinneáil (féach freisin Rialachán 16 (2)), lena n-áirítear cinn iarfhostaithe agus oibrithe neamhíochta de réir na reachtaíochta fostaíochta agus RGCS.

3.0 Dea-Chleachtas maidir le Beartas Earcaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme

Chomh maith leis na ceanglais rialála don bheartas seo mar a leagtar amach sa cháipéis seo, is féidir le soláthraithe seirbhíse cáilíocht an chleachtais a fheabhsú i gcur chun feidhme an Bheartais Earcaíochta sa tseirbhís. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar dhea-chleachtas sa réimse beartais seo agus déantar tuilleadh eolais a threorú nuair atá sé ar fáil.

- Ba cheart go léireofaí i gcur chun feidhme an bheartais seo Caighdeán Síolta, go háirithe [Reachtaíocht agus Rialachán](#).
- Cuireann nósanna imeachta earcaíochta atá sábháilte agus láidir le cosaint agus cur chun cinn leas leanaí.
- Tá sé de fhreagracht ar an soláthraí clárú a chinntiú go bhfuil gach earcaíocht ag teacht leis an reachtaíocht fostaíochta agus comhionannais.
- Ba cheart don soláthraí a áirithiú go mbeidh próisis earcaíochta agus roghnúcháin bunaithe ar chleachtais acmhainní daonna atá bunaithe ar fhianaise.

- Ba cheart próisis earcaíochta a bheith cóir, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach.
- Féadtar earcaíocht bunaithe ar luachanna cabhrú le hoibrithe a mhealladh agus a earcú a bhfuil a luachanna
- agus a n-iompraíochtaí ag teacht leis an éiteas i do shuíomh.
- Féadtar gnéithe praiticiúla a bheith i gceist leis na hagallaimh, chomh maith le gnéithe níos foirmiúla.
- D'fhéadfadh leanaí a bheith páirteach i gceisteanna agallaimh a leagan amach.

4.0 Aguisín

4.1 Faisnéis Tacaíochta

- Aistear Síolta: [Treoir Chleachtais](#)
- Luath-Óige Éireann: [Conairí chuig Ionchais Níos Fearr](#)
- Luath-óige Éireann: [Acmhainní Daonna.](#)
- ECFE: [Dea-chleachtas do phoist mhaithe in Ionad Luathfhoghlama](#)
- NSPCC: [Earcaíocht níos sábháilte.](#)
- Cúram Sóisialta na Breataine Bige: [Treoir maidir le hearcú a dhéanamh go maith do na luathbhlianta agus do chúram leanaí: An turas ón earcaíocht go deireadh an ionduchtaithe.](#)

Tagairt QMS	EYI-GDE12.21
An leagan ar	V2.0
Dáta	12/12/2025